Aguisín 1:

Tuairisc leighis de dhíth ar ghalair agus míchumais

Má tá tú ag fulaingt nó má tá aon cheann de na galair nó míchumais liostaithe thíos agat, **ní foláir** duit tuairisc leighis a sholáthar nuair atáthar ag cuir iarratais isteach ar cheadúnas tiomána.

- Alcólachas.
- Aon mhíchumas fisiceach atá dóchúil chun cuir isteach ar do chumas chun tiomáint go sábháilte.
- Aon tinneas ina bhfuil sé de dhíth ort drugaí síceatrópacha (meabhair athraithe) a úsáid go rialta.
- Aon tinneas nó galar ina bhfuil sé de dhíth ort cógais a thógáil go rialta atá dóchúil chun cuir isteach ar do chumas chun tiomáint go sábháilte.
- Galair chardashoithíoch (iad siúd a bhaineann leis an gcroí agus córas fola), diaibéiteas, galair thromchúiseacha na fola.
- Dioplóipe (amharc dúbailte), amharc déshúileach éalangach (radharc leis an dá shúil) nó cailliúint an réimse radhairc.
- Einceifilíteas, scléaróis iolrach, miaistéine gravis nó galair oidhreachtúla an néarchórais coibhneasach le seargadh forásach na matáin agus neamhord miótonach comhbheirthe (meamhoird ó bhreith a dhéanann é chun na matáin a bhogadh tar éis iad a chrapadh).
- Titimeas, galair an néarchórais imeallaigh (na néaróga sa chorp lasmuigh den inchinn agus corda an dromlaigh), tráma an néarchórais lárnaigh nó imeallaigh.
- Galair cheirbreashoithíoch (iad siúd coibhneasach le fuileadáin san inchinn), lot le damáiste do chorda an dromlaigh agus paraipléige dá bharr (cailliúint gluaiseachta sna cosa).
- Corraíl mheabhrach mar thoradh ar ghalar nó tráma den, nó obráid ar an, néarchóras lárnach (inchinn agus corda an dromlaigh).
- Géar-mhoilliú meabhrach, síocóis, sícinéaróis nó neamhoird pearsantachta.
- Deacrachtaí éisteachta tromchúiseacha.
- Aon ghalar den chóras úraiginitiúil (lena n-áirítear neamhord duáin) atá dóchúil chun cuir isteach ar do chumas chun tiomáint go sábháilte.